# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2022

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagairt ar an scrúdpháipéar.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoina bhailí atá aon fhreagairt, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagairtí cearta malartacha bailí eile etc.

Is éard atá sa nós imeachta marcála:

- Na freagairtí go léir a léamh agus anailís a dhéanamh orthu

- Marcanna a leithdháileadh ar na comhpháirteanna de réir na scéime comhaontaithe.

## NÓTAÍ MÍNITHE A ÚSÁIDTEAR SA MHARCÁIL

| | |
|---|---|
| ✔ | AG AN BPOINTE INAR CUIREADH MARCANNA I BHFEIDHM |
|  | FAISNÉIS NEAMHBHAILÍ / CHONAIC AGUS LÉIGH AN SCRÚDAITHEOIR AN ROINN SEO |
| SEEN | LEATHANACH FEICTHE AG AN SCRÚDAITHEOIR |

# ROINN A – 100 MARC

## Ceist 1

Tá 20 ceist ann agus ní mór d'iarrthóirí 10 gcinn díobh a fhreagairt

10 x 10 mharc

**(a) Cur síos ar shampla amháin den chaoi a dtéann aicme shóisialta i bhfeidhm ar dheiseanna saoil duine. 10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Deiseanna sa Saol – déanann an téarma seo le Max Weber cur síos ar an rochtain atá ag daoine laistigh d'aicme shóisialta ar leith ar acmhainní tábhachtacha atá gann (éadaí, bia, foscadh, oideachas, cúram sláinte).
- Ní bhíonn na deiseanna céanna sa saol ag daoine sna hísealaicmí agus atá ag daoine sna huasalaicmí
- Dáileadh acmhainní go míchothrom i measc catagóirí sóisialta
- Laghdaíonn bochtaineacht deiseanna sa saol / bíonn airgead ag aicme socheacnamaíoch níos airde agus mar sin bíonn deiseanna níos fearr acu sa saol.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(b) An bhfuil sé tábhachtach vótáil i dtoghchán? 10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Déan deimhin de go bhfuil do ghuth le cloisteáil ar na saincheisteanna a bhaineann leat.
- Glac páirt sa chinnteoireacht a théann i bhfeidhm ar do shaol
- Throid daoine go mbeadh ceart vótála acu.
- Ceart daonlathach is ea gan vótáil/ach is dualgas sibhialta vóta a chaitheamh
- Is féidir agóid a dhéanamh trí gan vóta a chaitheamh.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(c) Mínigh an ról atá ag Uachtarán na hÉireann.** **10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Is é Uachtarán na hÉireann (President of Ireland) Ceann Stát na hÉireann
- Ceapann sé an Taoiseach, baill an Rialtais, breithiúna agus oifigigh eile
- Síníonn sé reachtaíocht ina dlí agus/nó cuireann sé Billí faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí
- Déanann sé ionadaíocht ar mhuintir na hÉireann
- Feidhmíonn sé mar Cheannasaí Uachtarach na bhFórsaí Cosanta/Óglaigh na hÉireann.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(d) (i) Déan trácht ar thoradh na ceiste a cuireadh sa phobalbhreith seo.** **2 mharc**

Léiríonn Toradh go bhfuil céatadán mór (77.24%) de dhaoine óga buartha faoin athrú aeráide.

**(ii) Tabhair cúis amháin ar roghnaíodh Survey Monkey don suirbhé seo.** **3 mharc**

Bhí suirbhé á dhéanamh ar dhaoine óga
Is féidir teacht ar Survey Monkey trí naisc idirlíon, ríomhphost, na meáin sóisialta agus ar bhealaí eile.

**(iii) An bhfuil tairbhe le baint as pobalbhreitheanna? Tabhair fáth le do fhreagra.** **5 mharc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Léiríonn siad dearcadh an phobail
- Conas a chuirtear torthaí na vótála i láthair?
- Cé a choimisiúnaigh an vótáil?
- Nochtann freagróirí tuairimí nach ndearna siad machnamh orthu nó ar chuma leo fúthu.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 - 5M |
| Míniú maith | 2 - 3M |
| Míniú measartha | 0 - 1M |

**(e) Cúig cinn ar bith de na naoi bhforas comhionannais in Éirinn.** **5 x 2 mharc**

- Inscne,
- Stádas Pósta,
- Stádas teaghlaigh,
- Aois,
- Ballraíocht den Lucht Siúil.
- Míchumas,
- Claonadh gnéis,
- Cine,
- Reiligiún,

Ina theannta sin, cuireann na hAchtanna cosc ar leithcheal i soláthar seirbhísí cóiríochta i gcás daoine atá ag fáil forlíonadh cíosa, cúnamh tithíochta, nó íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

**(f) Tuiscint ar fhorbairt inbhuanaithe** **10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Sainmhíniú Coimisiúin Brundtland na Náisiún Aontaithe
- Sainmhínithe eile ar fhorbairt inbhuanaithe
- Cur síos ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
- Cur síos ar shampla den fhorbairt inbhuanaithe

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(g) An bhfuil sé tábhachtach go mbeadh comhairle mac léinn ag scoil?** **10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Tugann sé deis do dhaltaí páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíocht struchtúrtha le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le bainisteoirí scoile i bpróiseas cinnteoireachta ina scoileanna.
- Cur síos ar chomhairle mac léinn.
- Níl i gceist leo ach comharthaí sóirt.
- Ní bhaineann siad rud ar bith amach.
- Níl ann ach comórtas dea-ghnaoi.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(h) Conas a théann easpa dídine i gcion ar shlí dhiúltach ar chuid de chearta daoine óga faoi mar atá siad leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC)?** **10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

Eisiamh ó rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí laethúla ar nós oideachas agus súgradh, tithíocht ar dhroch-chaighdeán, rochtain mhoillithe ar chúram sláinte – rudaí a dhéanann fíordhifríocht do shaol leanaí.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(i) An bhfuil Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) tábhachtach?** **10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Soláthraíonn sé caighdeán a nglactar leis go hidirnáisiúnta le cur i bhfeidhm bunchearta daonna a bhfuil tionchar acu ar leanaí
- An conradh daingnithe um chearta an duine is forleithne ar domhan
- Leagtar amach ann na cearta sonracha atá ag gach leanbh a lánacmhainneacht a bhaint amach.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(j) Mínigh go hachomair cur chuige Martha Nussbaum maidir le hachmhainní.** **10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Cad is féidir le daoine a dhéanamh agus na poist ar féidir leo a bheith acu i ndáiríre?
- Cad iad na fíordheiseanna atá ar fáil dóibh?
- Sláinte; sláine coirp; céadfaí, samhlaíocht, cumas smaointe; mothúcháin; réasúnaíocht phraiticiúil; cleamhnú; speicis eile; súgradh; smacht ar thimpeallacht an duine féin.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(k) An bhfuil sé tábhachtach go dtiocfadh an domhan le chéile chun dul i ngleic leis an athrú aeráide?** **10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Éigeandáil dhomhanda é athrú aeráide a théann thar theorainneacha náisiúnta.
- Is saincheist í a éilíonn comhar idirnáisiúnta agus réitigh chomhordaithe ar gach leibhéal.
- Cur síos ar Chomhaontú Pháras

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(l) Dhá phíosa faisnéise faoi obair T.D.** **5 mharc + 5 mharc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Cinneadh a dhéanamh ar na dlíthe a ritear, a athraítear nó a bhaintear
- Ionadaíocht a dhéanamh ar riachtanais na ndaoine a thogh iad
- Clinicí a reáchtáil ina dtoghcheantair ina mbuaileann siad le vótálaithe
- Baill de pháirtí polaitiúil/teachta neamhspleách.

| | |
|---|---|
| Freagra an-mhaith | 4 - 5M |
| Freagra maith | 2 - 3M |
| Freagra measartha maith | 0 - 1M |

**(m) Cur síos ar chúis amháin a bhíonn le tearcfhorbairt** **10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

Bochtaineacht, ró-dhaonra, tíreolaíocht agus aeráid, droch-oideachas agus cúram sláinte, beartais idirnáisiúnta, cogadh, imirce agus éagothroime.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(n) Cur síos ar straitéis amháin a raibh tionchar dearfach aici ar a sochaí.**
**10 marc**

Cur síos ar straitéis a d'úsáid duine ábhartha chun tionchar dearfach a bheith aige nó aici.

**Nelson Mandela:**

- In 1944, chuaigh sé isteach i Comhdháil Náisiúnta na hAfraice (ANC) - grúpa polaitiúil a rinne a ndícheall cearta comhionanna a fháil do dhaoine bána agus do dhaoine dubha.
- Thaistil sé an tír ina dhiaidh sin chun tacaíocht a fháil d'agóidí neamhfhoréigneacha i gcoinne dhlíthe cinedheighlte (Apartheid) an Pháirtí Náisiúnta
- Chaith sé 27 bliain i bpríosún
- Bhí baint aige le scrios an rialtais leatromaigh agus daonlathas a chur i bhfeidhm
- Fuair Mandela Duais Nobel na Síochána i 1993 as réimeas Apartheid a scrios go síochánta agus as dúshraith don daonlathas a leagadh síos.

**Mahatma Gandhi:**

- Bhí Mohandas Gandhi ina cheannaire ar ghluaiseacht neamhspleáchais na hIndia.
- Nuair a bhí an India ina coilíneacht de chuid na Breataine Móire, d'úsáid Gandhi modhanna neamhfhoréigeanacha chun agóid a dhéanamh i gcoinne riail na Breataine.
- In 1930 bhí Gandhi i gceannas ar agóid i gcoinne cháin na Breataine ar shalann. Threoraigh sé na hIndiaigh ar mháirseáil chun na farraige chun a gcuid salainn féin a bhailiú.
- Uaireanta cuireadh Gandhi i bpríosún de bharr a ghníomhartha.

| | |
|---|---|
| Freagra an-mhaith | 8 - 10M |
| Freagra maith | 4 - 7M |
| Freagra measartha maith | 0 - 3M |

**(o) Conclúid faoi éagothroime sa domhan inniu.** **10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Tugadh formhór mór na vacsaíní do dhaoine i dtíortha ardioncaim agus i dtíortha meánioncaim níos airde.
- Tá an teip domhanda vacsaíní a roinnt go cothrom ag dul i bhfeidhm ar chuid de na daoine is boichte agus is leochailí ar domhan
- Is ionann éagothroime vacsaíne agus éagothroime sóisialta agus eacnamaíoch.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(p) Míniú ar 'chlaonadh' sna meáin.** **10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Is éard atá i gceist le claonadh sna meáin ná na himeachtaí agus na scéalta a roghnaítear lena dtuairisciú, agus an chaoi a gclúdaítear iad.
- Cur síos ar shampla de chlaonadh sna meáin.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(q) Cur síos ar conas rannpháirtíocht daoine óga i bpróisis cinnteoireachta a dhéanamh bríoch.** **10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Ní mór róil, freagrachtaí agus ionchais a aontú le chéile
- Cur le scileanna agus eolas na ndaoine óga ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh go muiníneach agus go héifeachtach i gcinnteoireacht agus ina chur i bhfeidhm freisin
- Bain úsáid as teanga atá intuigthe, ómósach agus inrochtana ag cách
- Léirigh meas agus urraim do dhearcthaí agus do thuairimí daoine óga
- Comhairliúchán agus aiseolas.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(r)** An réiteach iad cuótaí inscne chun ionadaíocht na mban i saol an ghnó a mhéadú?

**10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

**Ar son**

- Ní dhéanann cuótaí do mhná aon idirdhealú, ach déanann siad cúiteamh as bacainní iarbhír a chuireann cosc ar mhná páirt a ghlacadh i saol an ghnó.
- Tá taithí na mban ag teastáil i saol an ghnó
- D'fhéadfadh coinbhleachtaí a bheith ann mar thoradh ar chuótaí a thabhairt isteach.

**In aghaidh**

- Tá cuótaí in aghaidh phrionsabal na comhdheiseanna
- Tugann cuótaí le tuiscint go roghnaítear ceannairí gnó mar gheall ar a n-inscne, ní mar gheall ar a gcáilíochtaí agus go gcuirtear iarrthóirí níos cáilithe ar leataobh
- Ní mian le go leor mná go roghnófaí iad díreach toisc gur mná iad

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(s)** **An féidir cearta daonna uilíocha a bheith ann agus éagsúlacht chultúrtha sa domhan?**

**10 marc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Baineann cearta daonna le gach duine toisc gur daoine iad.
- Má éilímid go bhfuil cearta daonna uilíoch, déanaimid neamhaird de na difríochtaí cultúrtha atá ann idir sochaithe in áiteanna éagsúla ar fud an domhain.
- Doiciméad claonta ón Iarthar is ea an Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine a dhéanann dearmad ar na noirm agus na luachanna cultúrtha atá sa chuid eile den domhan. Mar bharr ar sin iarracht atá ann luacha an Iarthair a chur i bhfeidhm ar gach dream eile.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(t)** **Dhá bhealach a mbaineann Éire leas as bheith ina ball den Aontas Eorpach**

**5 mharc + 5 mharc**

Féadfar tagairt a dhéanamh sna freagraí do:

- Is féidir le muintir na hÉireann maireachtáil agus oibriú gan bac i mBallstát ar bith
- Bíonn deiseanna agus roghanna fostaíochta ag oibrithe Éireannacha.
- Baineann saoránaigh Éireannacha atá ag obair i dtíortha eile de chuid an AE cóir chomhionann agus iad ag iarraidh fostaíochta, ar dálaí oibre agus ar gach buntáiste sóisialta agus cánach eile a fháil.
- An Margadh aonair
- Rochtain ar mhaoiniú AE
- Cur síos ar shampla ábhartha

| | |
|---|---|
| Freagra an-mhaith | 4 - 5M |
| Freagra maith | 2 - 3M |
| Freagra measartha maith | 0 - 1M |

# ROINN B – 150 MARC

## Ceist 2 — 50 marc

**(a) De réir Dhoiciméad A, cén céatadán de na himircigh atá gan cháipéisí agus atá ina gcónaí in Éirinn ar feadh breis agus cúig bliana?** **5 mharc**

75.5%

**(b) De réir Dhoiciméad A, cad iad an dá earnáil a n-oibríonn an céatadán (%) is mó de na himircigh atá gan cháipéisí iontu?** **2 x 5 mharc**

- Cúram do dhaoine aosta
- Bialann agus lónadóireacht

**(c) De réir Dhoiciméad B, cén fáth an dea-scéala an scéim seo do roinnt daoine ach nach dea-scéala í do dhaoine eile?** **10 marc**

Is iad na daoine seo amháin atá in ann iarratas a dhéanamh:

- Iad siúd nach bhfuil stádas dlíthiúil acu le ceithre bliana ar a laghad
- Iad siúd nach bhfuil stádas dlíthiúil acu le trí bliana má tá leanaí acu anseo.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(d) Trí bhealach inar féidir le daoine a bheith gan cáipéisí inimirce in Éirinn. (Doic.B)** **3 x 5 mharc**

- Teacht ar víosaí turasóireachta agus fanacht ró-fhada chun bheith ag obair
- Teacht mar mhac léinn ar chead oibre sealadach agus fanacht go mídhleathach sa tír tar éis don chead a bheith caite
- Íospartaigh gháinneála

**(e) Agus an t-eolas sa dá dhoiciméad á úsáid agat, cén chonclúid a bhainfeá amach faoi choinníollacha oibre na n-imirceach atá gan cháipéisí in Éirinn?** **10 marc**

- Tá 93% de na daoine atá gan cháipéisí inimirce ag obair chun iad féin agus a dteaghlaigh a chothú.
- Bíonn siad ag obair i bpoist ar phá íseal
- Oibríonn siad uaireanta fada
- Bíonn siad á ndúshaothrú
- Fanann siad sna poist chéanna ar feadh i bhfad/ní féidir leo poist eile a fháil
- Níos mó ban ná fir
- Ní féidir leo gearán a dhéanamh faoina gcoinníollacha oibre ar eagla go dtabharfaí tuairisc fúthu.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

## Ceist 3 50 marc

**(a) Déan trácht ar chur i láthair na sonraí i nDoiciméad A.** **10 marc**

- Bealach éifeachtach amhairc
- Dathúil/úsáideann íomhánna/graif
- Éasca le léamh / sothuigthe
- Ceannteidil mhóra
- Úsáidtear íomhánna agus téacsanna chun teachtaireacht a chur in iúl
- Tógann sé níos lú ama lena phróiseáil
- Ní insíonn sé an scéal iomlán
- Déantar ró-shimpliú ar an gceist
- Cuireann an bealach tríd an ghrafaic mearbhall ar dhuine
- Sonraí cainníochtúla atá ann go príomha.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(b) Déan cur síos ar láidreacht amháin a bhaineann le suirbhéanna mar mhodh taighde.**
**10 marc**

- Bíonn siad anaithnid
- Sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla
- Neamhchostasach
- Lucht féachana nó léite leathan aige
- Úsáidtear le haghaidh uimhreacha
- Clúdaíonn go leor ceisteanna.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(c) Déan cur síos ar theorainn amháin le suirbhéanna mar mhodh taighde. 10 marc**

- Ní féidir an fhírinne a dhearbhú
- Ionadaíocht
- Ní gá go mbeadh na freagraí oibiachtúil
- Claonadh
- Rátaí teoranta maidir le freagairt agus seoladh ar ais.

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 8 - 10M |
| Cur síos maith | 4 - 7M |
| Cur síos measartha | 0 - 3M |

**(d) An bhfuil Doiciméad B iontaofa mar fhoinse sonraí? Mínigh do fhreagra.**

**10 marc**

- Teoranta – ní thugtar ach dhá shampla
- Faisnéis neamhfhíoraithe
- Údarthacht
- Tagairtí do shonraí MRCI.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(e) Aon phríomhphíosa sonraí ó Dhoiciméad A agus conas a nasctar leis an bhfaisnéis atá curtha i láthair i nDoiciméad B. 10 marc**

10% cúram leanaí – Liz ag obair mar fheighlí leanaí

27% ag tabhairt cúraim do dhaoine scothaosta sa teach príobháideach – Liz ag soláthar cúraim laethúil do bhean scothaosta

Tá 93% de na daoine gan cáipéisí inimirce ag obair

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

## Ceist 4 — 50 marc

**(a) Cur síos ar thionscadal saoránachta bunaithe ar imeacht a eagrú chun aird a tharraingt ar chruachás na n-imirceach gan cáipéisí inimirce in Éirinn.** **10 marc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(b) Déan trácht ar na hearnálacha ina n-oibríonn an céatadán is mó de na himircigh atá gan cháipéisí.** **10 marc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú measartha | 0 - 3M |

**(c) Cén fáth a bhfuil sé de nós ag daoine gan cháipéisí 'gan aird oifigiúil a tharraingt orthu féin'?** **15 mharc**

| | |
|---|---|
| Freagra an-mhaith | 11 - 15M |
| Freagra maith | 6 - 10M |
| Freagra measartha maith | 0 - 5M |

**(d) An dtugann an fhianaise sa dá dhoiciméad maidir le cás na ndaoine atá gan cháipéisí le tuiscint gur ceist í seo a bhaineann le cearta daonna?** **15 mharc**

| | |
|---|---|
| Freagra an-mhaith | 11 - 15M |
| Freagra maith | 6 - 10M |
| Freagra measartha maith | 0 - 5M |

# ROINN C – 150 marc

**An aiste dhioscúrsach a mharcáil:**

**1.** Léigh an aiste iomlán gan marcanna ar bith a thabhairt.

**2.** Marcáil an aiste ag baint úsáid as na critéir mharcála agus faigh suim iomlán na marcanna.

**3.** Athbhreithnigh an marc iomlán ag baint úsáid as tuairisceoirí na mbandaí gráid.

**4.** Déan athbhreithniú arís ag baint úsáid as na critéir chun an marc iomlán a fháil.

## AISTE DHIOSCÚRSACH

| | An-mhaith | Go Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá (I)** | Déantar an cheist a phlé go díreach agus cuirtear i gcomhthéacs í. | Déantar an cheist a phlé go réasúnta agus cuirtear i gcomhthéacs go teoranta í. | Déantar plé doiléir ar an gceist agus ní chuirtear i gcomhthéacs í. | Tá tuiscint dhoiléir ar an gceist nó baintear míbhrí go hiomlán aisti. |
| **10 marc** | **9 – 10** | **7 – 8** | **4 – 6** | **0 – 3** |
| **Eolas (K)** | Aiste loighciúil an-mhaith bunaithe ar eolas agus tuiscint chuimsitheach ar an gceist. Níl aon easnaimh ná earráidí suntasacha. | Aiste réasúnta bunaithe ar eolas bunúsach ach tuiscint theoranta ar an gceist. Tá easnaimh agus earráidí beaga inti. | Aiste trína chéile bunaithe ar thuiscint dhoiléir ar an gceist. Tá easnaimh agus earráidí móra inti. | Aiste lag ar beag eolas a léirítear inti ar an gceist nó ní léirítear aon eolas ar an gceist. D'fhéadfadh an t-eolas a bheith mícheart nó bréagnaíonn sé é féin. |
| **10 marc** | **9 – 10** | **7 – 8** | **4 – 6** | **0 – 3** |
| **Fianaise (E)** | Sainaithnítear agus fiosraítear raon leathan fianaise ábhartha, údarásach agus inchreidte. | Sainaithnítear agus fiosraítear raon maith fianaise ina mbítear ag brath an iomarca ar shonraí nár cruthaíodh. | Tá an fhianaise a chuirtear i láthair teoranta, simplí nó trína chéile, níl an fhianaise ach ábhartha ar éigin don ábhar. | Is beag fianaise nó níl aon fhianaise curtha i láthair, níl an fhianaise ábhartha don cheist. |
| **10 marc** | **9 – 10** | **7 – 8** | **4 – 6** | **0 – 3** |
| **Anailís & Sintéis (A)** | Argóint an-mhaith bunaithe ar anailís chriticiúil agus léirsteanach den fhianaise. | Argóint mhaith bunaithe ar anailís bhunúsach den fhianaise. | Locht ar an argóint le fianaise theoranta ar anailís agus ar mheasúnú. Anailís shaorga le dearmaid shuntasacha. | An argóint déanta go dona, casta nó gan chiall. Droch-anailís tugtha. |
| **5 mharc** | **5** | **4** | **3** | **0 – 2** |
| **Measúnú (V)** | Comhtháthú an-mhaith ar pheirspictíochtaí agus tuairimí comparáideacha / malartacha maidir leis an argóint. Tagtar ar chonclúidí neamhspleácha an-mhaith agus cosnaíonn an seasamh pearsanta go soiléir. | Comhtháthú maith ar thuairimí comparáideacha / malartacha maidir leis an argóint. Tagtar ar chonclúidí neamhspleácha agus cosnaíonn an seasamh pearsanta go soiléir. | Peirspictíochtaí agus tuairimí comparáideacha / malartacha teoranta. Conclúidí agus cosaint neamhspleách theoranta ar an seasamh pearsanta. | Gan aon peirspictíochtaí ná tuairimí comparáideacha. Gan aon chonclúidí neamhspleácha nó cosaint ar an seasamh pearsanta. |
| **5 mharc** | **5** | **4** | **3** | **0 – 2** |
| **Comhtháthú (C)** | Eagrú agus bainistíocht an-mhaith ar thuairimí. Fócas agus soiléire an-mhaith ar feadh an ama. Struchtúr an-mhaith. | Eagrú agus bainistíocht bhunúsach ar smaointe. Struchtúr réasúnta. | Eagrú agus bainistíocht theoranta agus chasta ar smaointe. Struchtúr lag. | Struchtúr, eagrú, leanúnachas, fócas, comhthéacs agus soiléire in easnamh san aiste. |
| **10 marc** | **9 – 10** | **7 – 8** | **4 – 6** | **0 – 3** |

# BANDAÍ GRÁD NA hAISTE

| **G1**<br>**45 – 50 Marc** | **G2**<br>**44 – 40 Marc** | **G3**<br>**35 – 39 Marc** | **G4**<br>**30 – 34 Marc** | **G5**<br>**25 – 29 Marc** | **G6**<br>**20 – 24 Marc** | **G7**<br>**15 – 19 Marc** | **G8**<br>**0 – 14 Mharc** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tá an freagra leanúnach; leagtha amach go maith agus tá tacaíocht aige ó fhianaise ábhartha, chruinn agus éagsúil agus úsáidtear fianaise chomparáideach.<br><br>Is léir go bhfuil tuiscint chríochnúil ar riachtanais an taisc murab ionann le tuiscint agus smaointeoireacht neamhspleách.<br>Táthar ag gabháil don ábhar go grinn.<br>Déantar cosaint chuimsitheach ar bhreithiúnais agus ar chonclúidí.<br>Taispeántar eolas mionsonraithe sa fhreagra seo, mar aon le fianaise ar an ngabháil chriticiúil, léargas grinn, fócas géar, argóint curtha i gcrích agus tá tacaíocht aici ó raon fianaise agus foinsí. | Dírítear go soiléir sa fhreagra ar an gceist a cuireadh.<br><br>Tá na hargóintí leagtha amach agus aontaithe go han-mhaith agus tá tacaíocht acu ó fhianaise ábhartha, chruinn agus éagsúil.<br><br>Tá na pointí eagraithe go han-mhaith agus cuirtear argóint leanúnach i láthair ag úsáid tuairimí malartacha.<br><br>Téitear i ngleic go han-mhaith leis an ábhar.<br><br>Tá cosaint an-réasúnta déanta ar na breithiúnais agus na conclúidí neamhspleáchas a thugtar. | Dírítear go soiléir sa fhreagra ar an gceist a cuireadh.<br><br>Tá tuiscint mhaith ar éilimh na ceiste.<br><br>Is gnách do na pointí tacaíocht a bheith acu ó fhianaise chruinn agus ábhartha.<br><br>Tá na pointí eagraithe go maith agus cuirtear argóint leanúnach i láthair.<br><br>Tá fianaise ar dhul i ngleic leis an ábhar agus déantar cosaint réasúnta ar na breithiúnais agus na conclúidí a thugtar. | Taispeántar sa fhreagra go bhfuil roinnt tuisceana ar éilimh na ceiste.<br><br>Tá na pointí a dhéantar ábhartha agus tá tacaíocht acu ó roinnt tagairtí agus léaráidí bailí.<br><br>D'fhéadfadh sé go mbraithfí áfach, go bhfuil roinnt pointí scoite amach astu féin agus nach bhfuil siad comhtháthaithe go hiomlán isteach in argóint aontaithe.<br><br>Déantar cosaint theoranta ar roinnt breithiúnas agus conclúidí neamhspleácha a thugtar. | Taispeántar sa fhreagra go bhfuil tuiscint ar an gceist.<br><br>Tá teorainn leis an eolas atá ar an gceist agus déantar pointí beaga sna freagraí agus úsáidtear fianaise theoranta atá bailí agus iomchuí.<br><br>Mar sin féin, tá na pointí seo teoranta agus ní dhéantar argóint láidir, aontaithe den fhianaise.<br><br>Ní théitear i ngleic ach go teoranta leis an ábhar agus dá bharr sin tá conclúid neamhspleách leanúnach in easnamh sna freagraí. | Taispeántar sa fhreagra go bhfuil tuiscint ar an gceist – leath-thuiscint ar a laghad.<br>Níl aon fhócas soiléir sa fhreagra agus tá sé de nós aige dul ar seachrán ón bpointe nó ó phointe go pointe<br>Bíonn achoimre agus athrá in ionad plé go minic.<br>Tá an t-eolas atá ar an gceist an-teoranta agus is beag fianaise atá ann chun tacú leis an pointí atá á ndéanamh.<br>Ní théitear i ngleic leis an ábhar ach ar bhealach an-teoranta.<br>Tá na breithiúnais agus na conclúidí a thugtar doiléir nó pearsanta gan ach cosaint an-teoranta déanta orthu.<br>D'fhéadfadh gá a bheith leis an bhfreagra a athléamh chun teacht ar an mbrí. | Taispeántar sa fhreagra nach raibh ach leath-thuiscint ar na ceisteanna agus go bhfuil an freagra dírithe go dona.<br><br>Taispeántar sa fhreagra go bhféadfar cúpla pointe bailí a lua ach níl siad nasctha d'aon turas chun argóint a dhéanamh agus níl aon fhianaise ann a thacódh le haon cheann de na pointí a dhéantar.<br><br>Níl aon fhianaise go dtéitear i ngleic leis an ábhar.<br><br>Níor tháinig an t-iarrthóir ar bhreithiúnas, ar chonclúidí neamhspleácha dá chuid féin ná ní dhearna sé cosaint ar a thuairim nó ar a sheasamh féin. | Taispeántar san fhreagra nach dtuigfear an cheist ach ar éigin nó nach dtuigfear in aon chor í.<br><br>Freagra fíor-lag nach dtugann ach píosaí beaga eolais anonn is anall gan ach fíorbheagán pointí ábhartha nó gan aon phointí ábhartha ann.<br><br>Ní thugtar aon argóintí ábhartha nó aon fhianaise chun tacú le haon éilimh a rinneadh.<br><br>Tá an freagra an-lag agus níl aon fócas ann agus tá mearbhall ar an léitheoir.<br><br>D'fhéadfadh roinnt pointí a bheith go hiomlán míchruinn nó níl siad ábhartha don cheist. |

# TUAIRISC AR THIONSCADAL SAORÁNACHTA

**Réasúnaíocht agus taighde**

- Mínigh an réasúnaíocht a bhain leis an ngníomh a roghnaigh tú a dhéanamh.
- Tabhair cuntas soiléir ar aidhmeanna an tionscadail saoránachta, na bealaí a roghnaíodh chun na haidhmeanna sin a bhaint amach agus an plean gníomhaíochta atá agat. I gcás tionscadail grúpa, sainaithin aidhmeanna an ghrúpa i gcomhair an tionscadail agus na haidhmeanna a bhí agat féin chun do ról a chomhlíonadh.
- Tabhair achoimre ar an taighde a rinneadh lena n-áirítear príomhthorthaí taighde (sonraí) a bhí mar bhonn eolais ag an ngníomh. Tabhair trácht ar na foinsí eolais a úsáideadh chun treoir a thabhairt don ghníomh cosúil le hábhar gréasánbhunaithe, litríocht, agallaimh, agus foinsí eile.
- Déan cinnte go gcuirfidh tú isteach tagairtí iomlána sa rannán *Tagairtí agus Leabharliosta* ag deireadh na tuarascála.

**An tionscadal saoránachta a chur i gcrích**

- Tabhair achoimre ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu chun an tionscadal a chur i gcrích. I gcás tionscadail grúpa, déan idirdhealú soiléir idir gníomhaíochtaí grúpa agus do ghníomhaíochtaí féin ach “muid” nó “mé” a úsáid de réir mar is cuí.
- Déan anailís ghéar ar na gnéithe éagsúla den phlean gníomhaíochta, lena n-áirítear mar is cuí aon dúshláin ar ar thángthas agus an chaoi ar sáraíodh na dúshláin sin.
- Déan cur síos ar thorthaí an tionscadail.

**Smaointe maidir leis an eolas a fuarthas agus na scileanna a forbraíodh**

- Smaoinigh go géar ar na léargais phearsanta agus ar an eolas a fuair tú faoin gceist seo ó thug tú faoin tionscadal.
- Sainaithin agus déan cur síos ar na scileanna a d’fhorbair tú trí do chuid oibre ar an tionscadal seo agus déan tagairt ar leith don obair a rinne tú le daoine eile agus an chaoi ar éirigh leat a bheith éifeachtach go pearsanta.
- Tabhair míniú gairid ar an ról a bhí ag machnamh, ag aiseolas ó dhaoine eile, agus ag foghlaim ón gcúrsa chun cuidiú leat an tionscadal a chur i gcrích.

## TIONSCADAL SAORÁNACHTA – ROINN A

**Réasúnaíocht agus Taighde** **35 marc**

**An réasúnaíocht a mhíniú**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 6 - 7M | |
| Go maith | 3 - 5M | **7 marc** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |

**Aidhmeanna an tionscadail le plean gníomhaíochta ina leagtar síos na bealaí a roghnaíodh chun na haidhmeanna sin a bhaint amach**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 9 - 12M | |
| Go maith | 5 - 8M | **12 mharc** |
| Réasúnta | 0 - 4M | |

**Achoimre ar na torthaí agus na foinsí**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 9 - 12M | |
| Go maith | 5 - 8M | **12 mharc** |
| Réasúnta | 0 - 4M | |

**Tagairtí agus Leabharliosta –** Seiceáil cúl an leabhráin **4 mharc**

## TIONSCADAL SAORÁNACHTA – ROINN B

**An tionscadal saoránachta a chur i gcrích** **45 marc**

**Achoimre ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu (Muid / mé)**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 11 - 15M | |
| Go maith | 6 - 10M | **15 mharc** |
| Réasúnta | 0 - 5M | |

**Anailís chriticiúil ar an bplean gníomhaíochta**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 11 - 15M | |
| Go maith | 6 - 10M | **15 mharc** |
| Réasúnta | 0 - 5M | |

**Torthaí**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 11 - 15M | |
| Go maith | 6 - 10M | **15 mharc** |
| Réasúnta | 0 - 5M | |

## TIONSCADAL SAORÁNACHTA – ROINN C

**Eolas agus léargais ar an gceist**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 5 - 6M | |
| Go maith | 3 - 4M | **6 mharc** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |

**Scileanna**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 5 - 6M | |
| Go maith | 3 - 4M | **6 mharc** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |

**Machnamh**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 4M | |
| Go maith | 3M | **4 mharc** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |

**Aiseolas agus foghlaim**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 4M | |
| Go maith | 3M | **4 mharc** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |